# TREOIR (AE) 2022/543 ÓN gCOMHAIRLE

## an 5 Aibreán 2022

## lena leasaítear Treoracha 2008/118/CE agus (AE) 2020/262 a mhéid a bhaineann le siopaí saor ó cháin atá suite i gcríochfort na Fraince de Thollán Mhuir nIocht

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 113 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis di an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([2]),

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 14(1) de Threoir 2008/118/CE ([3]) ón gComhairle, ceadaítear do na Ballstáit earraí máil a dhíolmhú ó dhleacht mháil a íoc, ar earraí iad a sholáthraítear i siopaí saor ó cháin atá suite in aerfoirt Aontais agus i gcalafoirt Aontais i gcomhair díolachán le taistealaithe chuig tríú críoch.

(2) Is nasc iarnróid ina bhfuil déthollán tollta é Nasc Seasta Mhuir nIocht, faoi Mhuir nIocht idir Coquelles (Pas-de-Calais na Fraince) agus Folkestone (Kent na Ríochta Aontaithe). Tá tollán seirbhíse gaolmhar aige agus limistéir chríochfoirt ag an dá thaobh chun teacht isteach sna tolláin agus dul amach as na tolláin a rialú. Mar gheall ar an mbonneagar sin, tá tréithe nasc muirí idir an Fhrainc agus an Ríocht Aontaithe aige, nasc ag a bhfuil rialuithe teorann ag an dá chríochfort rochtana. Leis an nasc muirí agus an Nasc Seasta Mhuir nIocht, cumasaítear turas trí Mhuir nIocht a dhéanamh faoi na dálaí céanna.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, críochfort na Fraince de Nasc Seasta Mhuir nIocht in Coquelles a mheas a bheith coibhéiseach le calafort chun críocha Airteagal 14 de Threoir 2008/118/CE.

(4) De bharr tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, rud a raibh oscailt siopaí saor ó cháin i gcalafoirt Calais agus Dunkerque agus i gcríochfort na Breataine de Nasc Seasta Mhuir nIocht in Folkestone mar thoradh air, is iomchuí oscailt siopaí saor ó cháin a údarú i gcríochfort na Fraince de Nasc Seasta Mhuir nIocht in Coquelles.

(5) Ós rud é nach féidir le paisinéirí a bhaineann úsáid as Nasc Seasta Mhuir nIocht tuirlingt go dtí go mbaineann siad an ceann scríbe amach, beidh teorainn le riosca neamhchomhlíontachta i dtaca le liúntais maidir le hallmhairiú saor ó dhleacht mháil agus saor ó cháin, agus dá réir sin, beidh teorainn le hualach rialaithe na n-údarás custaim. Mar sin féin, chun aon imghabháil, seachaint nó mí-úsáid a chosc, ba cheart don Fhrainc na bearta rialaithe is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirtear an díolúine ó cháin i bhfeidhm go cuí i siopaí saor ó cháin chríochfort na Fraince de Nasc Seasta Mhuir nIocht in Coquelles.

(6) Ós rud é go n-aisghairtear agus go n-ionadaítear Treoir 2008/118/CE le Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle ([4]) le héifeacht ón 13 Feabhra 2023, ba cheart an fhoráil chomhfhreagrach i dTreoir (AE) 2020/262 a leasú freisin.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoracha 2008/118/CE agus (AE) 2020/262 a leasú dá réir,

([1]) Tuairim an 9 Márta 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) Tuairim an 23 Feabhra 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([3]) Treoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO L 9, 14.1.2009, lch. 12).
([4]) Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4).

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Threoir 2008/118/CE**

Leasaítear Airteagal 14 de Threoir 2008/118/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

"1a. Beidh feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear i mír 1 freisin maidir le hearraí máil a sholáthraíonn siopaí saor ó cháin atá suite i gcríochfort na Fraince de Thollán Mhuir nIocht in Coquelles do phaisinéirí a bhfuil doiciméid iompair acu atá bailí i gcomhair turas go dtí an Ríocht Aontaithe trí Nasc Seasta Mhuir nIocht.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm na díolúintí a ndéantar foráil maidir leo i míreanna 1, 1a agus 2 ar bhealach lena ndéanfar aon imghabháil, seachaint nó mí-úsáid fhéideartha a chosc.".

*Airteagal 2*

**Leasú ar Threoir (AE) 2020/262**

Leasaítear Airteagal 13 de Threoir (AE) 2020/262 mar a leanas:

(1) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

"1a. Beidh feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear i mír 1 freisin maidir le hearraí máil a sholáthraíonn siopaí saor ó cháin atá suite i gcríochfort na Fraince de Thollán Mhuir nIocht in Coquelles do phaisinéirí a bhfuil doiciméid iompair acu atá bailí i gcomhair turas go dtí an Ríocht Aontaithe trí Nasc Seasta Mhuir nIocht.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm na díolúintí a ndéantar foráil maidir leo i míreanna 1, 1a agus 2 ar bhealach lena ndéanfar aon imghabháil, seachaint nó mí-úsáid fhéideartha a chosc.".

*Airteagal 3*

**Iompar**

1. I gcás ina gcinneann Ballstát an díolúine dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Threoir 2008/118/CE i gcomhréir le hAirteagal 1 den Treoir seo nó an díolúine dá dtagraítear in Airteagal 13(1) de Threoir (AE) 2020/262 i gcomhréir le hAirteagal 2 den Treoir seo a chur i bhfeidhm, agus i gcás ina nglacann Ballstát na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun éifeacht a thabhairt don Treoir seo, cuirfidh sé na bearta arna ndéanamh de bhun na Treorach seo in iúl don Choimisiún láithreach.

2. Nuair a ghlacfaidh Ballstát na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is é an Ballstát a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh. Is iad na Ballstáit a leagfaidh síos na modhanna chun tagairt den sórt sin a dhéanamh.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 5*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 5 Aibreán 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
B. LE MAIRE